# Comhairle Cathrach Chorcaí
# Cork City Council

Comhairle Cathrach Chorcaí
Cork City Council

# Fodhlíthe um Locadh 2022
# Chomhairle Cathrach Chorcaí

# FODHLÍTHE UM LOCADH 2022

# CHOMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ

Déanann Comhairle Cathrach Chorcaí, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a bhronntar uirthi faoi Alt 36 den An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1994 (Uimh. 7 de 1994) agus de bhun comhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána, leis seo na Fodhlíthe seo a leanas i ndáil le locadh feithiclí ar bhóithre poiblí laistigh den Chathair Chorcaí a rialú agus a rialáil.

## RIAR NA BHFODHLÍTHE

### CUID I
### Réamhráiteach agus Ginearálta

1. Lua
2. Tosach feidhme
3. Réim Feidhme
4. Cúlghairmeacha
5. Léirmhíniú
6. Mótar-rothair agus Rothair Cos
7. Gan feidhm a bheith ag Fodhlíthe i gcás Feithiclí Áirithe
8. Srian le Locadh

### Cuid II A
### Coinníollacha um locadh i Limistéar Loctha Íoctha

9. Locadh i Limistéar Loctha Íoctha
10. Oibleagáid i ndáil le Locadh go Freagrach
11. Oibleagáid i ndáil le Locadh i gCeart
12. Srian le Cuas Loctha a úsáid

### Cuid II B
### Dioscaí Loctha Chomhairle Cathrach Chorcaí

13. Oibleagáid i ndáil le Diosca Loctha Bailí a Thaispeáint
14. Tréimhse Loctha i Limistéar Loctha Íoctha
15. Cur isteach ar Dhioscaí Loctha
16. Feithicil a Aistriú ó Limistéar Loctha Íoctha
17. Toirmeasc ar locadh áirithe laistigh d’uair an chloig tar éis Limistéar Loctha Íoctha a fhágáil
18. Diocaí Loctha a Eisiúint

19. Táille ar Dhioscaí Loctha

**Cuid II C**
**Loc le Guthán Chathair Chorcaí**

20. Oibleagáid i ndáil le Teagmhas Loctha Bailí de chuid Loc le Guthán Chathair Chorcaí a Chlárú
21. Tréimhse Loctha i Limistéar Loctha Íoctha
22. Feithicil a Aistriú ó Limistéar Loctha Íoctha
23. Toirmeasc ar locadh áirithe laistigh d'uair an chloig tar éis Limistéar Loctha Íoctha a fhágáil
24. Táille ar Theagmhas Loctha de chuid Loc le Guthán Chathair Chorcaí a Chlárú

**Cuid III**
**Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe**

25. Coinníollacha a ghabhann le Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe a úsáid
26. Oibleagáid i ndáil le Cead Bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe a Thaispeáint
27. Oibleagáid i ndáil le hInléiteacht Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe a Chinntiú
28. Freagracht Duine atá ag Tiomáint atá i seilbh Cead Bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe
29. Srianta i ndáil le Cead Bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe a Úsáid
30. Tréimhse Loctha i Limistéar Loctha Íoctha
31. Toirmeasc ar locadh áirithe laistigh d'uair an chloig tar éis Limistéar Loctha Íoctha a fhágáil
32. Cur isteach ar Chead Bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe

**Cuid IV**

33. Locadh d'Fheithiclí Club Feithiclí
34. Locadh d'Fheithiclí a Chumhachtaítear go Leicteach

**Aguisíní**

Aguisín I: Limistéar Rialaithe Loctha Íoctha

Aguisín 2: Táillí Dioca Loctha agus Loc le Guthán Chomhairle Cathrach Chorcaí

## CUID I

### Réamhráiteach agus Ginearálta

1. Féadfar Fodhlíthe um Locadh Chomhairle Cathrach Chorcaí 2022 a ghairm de na Fodhlíthe seo.

2. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i ngníomh an 1ú lá d'Iúil, 2022.

3. Beidh feidhm ag na Fodhlíthe seo sna codanna sin de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Chorcaí mar a leagtar amach go sonrach ar Léarscáil Limistéir Rialaithe Loctha Íoctha atá le fáil in Aguisín 1 anseo thíos.

4. Déantar Fodhlíthe um Locadh Chomhairle Cathrach Chorcaí 2016 a chúlghairm le héifeacht theacht i ngníomh na bhFodhlíthe seo.

5. (1) Sna Fodhlíthe seo:

tá le **"Club Carr"** an bhrí a shanntar dó le hAirteagal 4 de na Rialacháin Náisiúnta;

tá le **"Cuas Loctha d'Fheithicil Club Carr"** an bhrí a shanntar dó le hAirteagal 4 de na Rialacháin Náisiúnta;

tá le **"Ceadúnas Feithicle Club Carr"** an bhrí a shanntar dó le hAirteagal 4 de na Rialacháin Náisiúnta;

ciallaíonn **"Comhairle Cathrach Chorcaí"** Comhairle Chathair Chorcaí dá dtagraítear as seo amach an Chomhairle;

ciallaíonn **"Loc le Guthán Chathair Chorcaí"** an tseirbhís a chuireann an Chomhairle ar fáil lenar féidir le tiománaithe íoc as cead loctha Feithicle a eisiúint i suíomh áirithe i gCathair Chorcaí i dtráth áirithe ar feadh tréimhse, via comhéadan gutháin le huimhir shainithe ghutháin Loc le Guthán Chathair Chorcaí; de bhun aip sainiúil loctha a úsáid, nó de bhun aon slí eile a d'fhéadfadh an Chomhairle a chur ar fáil ó thráth go chéile;

tá le **"Cuas Loctha Duine Mhichumasaithe"** an bhrí a thugtar dó in Airteagal 4 de na Rialacháin Náisiúnta;

tá le **"Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe"** an bhrí a thugtar dó in Airteagal 43 de na Rialacháin Náisiúnta;

tá le **"Áit Loctha Dioscaí"** an bhrí a thugtar dó in Airteagal 3(1) de na Rialacháin Náisiúnta;

tá le **"Feithicil a Chumhachtaítear go Leictreach"** an bhrí a thugtar dó in Airteagal 4 de na Rialacháin um Shíneacha;

tá le **"Cuas Athluchtaithe d'Fheithicil a Chumhachtaítear go Leictreach"** an bhrí a thugtar dó in Airteagal 4 de na Rialacháin Náisiúnta;

tá le **"Feithicil Earraí"** an bhrí a thugtar dó in Airteagal 4 de na Rialacháin Náisiúnta;

tá le **"Pláta Faisnéise"** an bhrí a thugtar dó in Airteagal 3(2) de na Rialacháin um Shíneacha;

tá le **"Cuas Lódála"** an bhrí a thugtar dó in Airteagal 4 de na Rialacháin Náisiúnta;

tá le **"feithicil inneallghluaiste"** an bhrí a thugtar dó in Alt 3 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 arna leasú, arna shíneadh, arna ionadú, arna athsholáthar, arna chódú, arna chomhdhlúthú nó arna athrú ar aon slí eile, cibé ina iomláine nó i bpáirt;

ciallaíonn **"Mótar-rothar"** Feithicil dhá roth ag a bhfuil taobhcharr nó gan taobhcharr, arna shainiú in Airteagal 1(2)(b) de Threoir 2002/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Márta 2002(6);

tá le **"Cuas Loctha"** an bhrí a thugtar dó in Airteagal 4 de na Rialacháin Náisiúnta;

is limistéar é **"Limistéar Loctha Íoctha"** laistigh d'Áit Loctha Dioscaí agus ciallaíonn sé limistéar ar Bhóthar Poiblí chun críche Feithiclí Inneallghluaiste a locadh arna shonrú le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar a thugann le fios go bhfuil locadh Feithiclí faoi réir Diosca Loctha Bailí nó Teagmhas Loctha Bailí de chuid Loc le Guthán Chathair Chorcaí a thaispeáint.

tá le **"Rothar Cos"** an bhrí a thugtar dó in Alt 3 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 arna leasú, arna shíneadh, arna ionadú, arna athsholáthar, arna chódú, arna chomhdhlúthú nó arna athrú ar aon slí eile, cibé ina iomláine nó i bpáirt;

tá le **"Bóthar Poiblí"** an bhrí a thugtar dó in Airteagal 4 de na Rialacháin Náisiúnta;

ciallaíonn **"Na Rialacháin Náisiúnta"** na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht & Locadh) 1997 (I.R. Uimh. 182 de 1997) arna leasú, arna shíneadh, arna ionadú, arna athsholáthar, arna chódú, arna chomhdhlúthú nó arna athrú ar aon slí eile, cibé ina iomláine nó i bpáirt;

Ciallaíonn **"Na Rialacháin um Shíneacha"** na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre 1997 (I.R. Uimh. 181 de 1997) arna leasú, arna shíneadh, arna ionadú, arna athsholáthar, arna chódú, arna chomhdhlúthú nó arna athrú ar aon slí eile, cibé ina iomláine nó i bpáirt;

tá le **"Sín Tráchta"** an bhrí a thugtar dó in Airteagal 3(1) de na Rialacháin um Shíneacha;

tá le **"Maor Tráchta"** an bhrí a thugtar dó in Alt 2(3) den Acht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thráchta) 1975 (Uimh. 14 de 1975) arna leasú, arna shíneadh, arna ionadú, arna athsholáthar, arna chódú, arna chomhdhlúthú nó arna athrú ar aon slí eile, cibé ina iomláine nó i bpáirt;

Ciallaíonn **"Teagmhas Loctha Bailí de chuid Loc le Guthán Chathair Chorcaí"** tréimhse loctha:-

(a) a chláraigh an tiománaí ar thús thréimhse an loctha le córas Loc le Guthán Chathair Chorcaí, via comhéadan gutháin chuig uimhir ghutháin shonraithe de chuid Loc le Guthán Chathair Chorcaí, ach an aip ainmnithe loctha a úsáid, nó ar mheán ar bith eile a d'fhéadfadh an Chomhairle a chur ar fáil ó am go chéile;

(b) dár dheimhnigh an tiománaí cláruimhir feithicle na Feithicle atáthar a locadh;

(c) dár dheimhnigh an tiománaí an suíomh ina bhfuiltear ag locadh na Feithicle;

(d) dá bhfuair an tiománaí dearbhí íocaíochta ón gcóras;

agus

(e) i gcás gur chláraigh an tiománaí gur locadh an Fheithicil amhlaidh do thréimhse nach faide ná an tréimhse inar féidir í a locadh i Limistéar Loctha Íoctha de réir na bhFodhlíthe seo;

Ciallaíonn **"Diosca Loctha Bailí"** diosca:-

(a) a d'eisigh an Chomhairle trí mheán asraon miondíola nó eile;

(b) a scríobadh nó a marcáladh ar shlí eile de réir na dtreoracha a phriontáiltear air sin d'fhonn a léiriú go soiléir agus go doscriosta an bhliain, an mhí, an lá, uair an chloig agus (chuig an tréimhse is gaire 5 nóiméad) nóiméad na huaire cloig a chuirtear tús le tréimhse loctha na Feithicle ina dtaispeáintear an diosca loctha de réir na bhFodhlíthe seo;

(c) a léiríonn de bun na marcálacha air sin nó eile bliain, mí, lá, uair an chloig nó nóiméad

agus

(d) a léiríonn go loctar an Fheithicil amhlaidh do thréimhse nach faide ná an tréimhse inar féidir í a locadh i Limistéar Loctha Íoctha de réir na bhFodhlíthe seo;

Ciallaíonn **"Ceadúnas Loctha Bailí"** ceadúnas loctha a bhaineann le Crios áirithe loctha íoctha agus le tréimhse nach ndeachaigh an éag, a eisíonn an Chomhairle i leith an Chreasa loctha íoctha ina bhfuil an Fheithicil loctha agus a dhéanann úsáideoir an cheadúnais a thaispeáint nó a úsáid de réir bheartas agus threoracha úsáide na Comhairle, a fhéadtar a leasú ó thráth go chéile;

Ciallaíonn **"Feithicil"**, mura sonraítear a mhalairt sna Fodhlíthe seo, Feithicil Inneallghluaiste;

Ciallaíonn **"Crios"** Limistéar Loctha Íoctha nó roinnt Limistéar Loctha Íoctha lena mbaineann Ceadúnas Loctha Áithritheora áirithe.

(2) Ciallaíonn tagairt sna Fodhlíthe seo do Shín Tráchta tagairt do Shín Tráchta arna fhorordú sna Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre 1997 (I.R. Uimh. 181 de 1997) arna leasú, arna shíneadh, arna ionadú, arna athsholáthar, arna chódú, arna chomhdhlúthú nó arna athrú ar aon slí eile, cibé ina iomláine nó i bpáirt;

(3) (a) Sna Fodhlíthe seo - is ionann aon tagairt d'airteagal nó do sceideal, nach sainítear ar shlí eile, agus tagairt d'airteagal de chuid na bhFodhlíthe seo nó do sceideal a ghabhann leo.

(b) Sna Fodhlíthe seo - is ionann aon tagairt d'fho-alt, do mhír, nó d'fho-mhír, nach sainítear ar shlí eile, agus tagairt d'fho-alt, do mhír, nó d'fho-mhír na forála ina dtarlaíonn an tagairt.

(c) Sna Fodhlíthe seo - áirítear le tagairt do reacht nó do mhír nó d'fho-mhír inti aon leasuithe nó ath-achtúcháin an chéanna a bheidh i bhfeidhm de thurus na huaire agus aon ionstraimí reachtúla, orduithe, rialacháin de thuras na huaire a dhéantar, a eisítear nó a thugtar faoi sin nó a dhíorthaíonn bailíocht uaidh sin agus léireofar tagairt d'aon achtúcháin ina tagairt don achtúchán arna leasú de bhun aon achtúcháin dá éis sin.

(4) Glacfar leis go n-áireofar ar aon tagairt sna Fodhlíthe seo d'earraí a luchtú breosla a sholáthar chun an fheithicil a oibriú.

**Mótar-rothair agus rothair cos a thoirmeascthar ar locadh**

**6** Ná loctar Mótar-rothar nó Rothar Cos i gCuas Loctha a shainítear le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar ar lá nó le linn uaireanta an chloig a shonraítear ar an bPláta Faisnéise ach amháin in áit i gcomhair Mótar-rothar nó Rothar Cos den sórt sin a locadh.

**Gan feidhm a bheith ag Fodhlíthe le feithiclí áirithe**

**7** Ní bheidh feidhm ag Airteagail 9,13 go 19, agus 20 go 24 de na Fodhlíthe seo le:

(a) Feithicil atáthar a úsaid i ndáil le

(i) bacainn do thrácht a aistriú
(ii) Feithicil a aistriú de bhun Alt 97 den An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú,
(iii) Bóthar Poiblí a chothabháil, a fheasú, a shíniú, a líneáil nó a atógáil,
(iv) córas soilse poiblí nó cothabhála comhartha a chothabháil, a fheabhsú nó a dheisiú,
(v) príomhsholáthar draenála, séarachais, píobán nó gaireas chun críche soláthar gáis, ola, uisce nó leictreachais a athsholáthar, a

athrú nó a dheisiú nó líne nó seolphíobán teileagraif, teileafóin nó cumarsáide nó Sín Tráchta a sholáthar,

(vi) seoladh dualgas a bhaineann le scéim rothar poiblí a oibriú,

(vii) dualgais ghlanta sráide nó bhainisithe bruscair;

(b) Feithicil de chuid na briogáide dóiteáin, otharcharr nó Feithicil atá Maor Tráchta, maor bruscair, maor glanta sráide nó maor margaidh nó ball an Gharda Síochána nó na bhFórsaí Cosanta a úsáid i bhfeidhmiú a c(h)uid dualgas;

(c) Feithicil atá an tArdmhéara a úsáid le linn a c(h)uid dualgas;

(d) Feithicil a ndearnadh damáiste di nó ar chlis uirthi i rith na tréimhse is gá chun deisiúcháin a dhéanamh ar an bhFeithicil nó í a aistriú ón suíomh;

(e) Feithicil a loctar/a stadtar ar cholbha bóthair phoiblí fad atá paisinéir ag dul isteach inti nó ag teacht amach aisti;

(f) Feithicil dá ndéanann sealbhóir an cheadúnais Ceadúnas Loctha Bailí a bhaineann le Crios áirithe loctha ina bhfuil an Fheithicil loctha a thaispeáint nó a úsáid de réir bheartas agus threoracha úsáide na Comhairle, a fhéadtar a leasú ó thráth go chéile;

**Srianta le Locadh**

**8** (1) Ná loctar Feithicil i rith treimhse a d'fhéadfaí a léiriú ar Phláta Faisnéise, ar an taobh sin de stráice bóthair ar cuireadh Sín Tráchta chuí (líne aonair bhuí) ar fáil ar feadh a cholbha.

(2)(a) Faoi réir pharagraf (b), i gcás go gcuirtear Sín Tráchta chuí (Locadh Srianta) ar fáil ní cheadaítear Feithicil a locadh ach amháin ar feadh na tréimhse agus, nuair is cuí, i rith na tréimhse, a léirítear ar an bPláta Faisnéise a ghabhann leis an tsín.

(b) I gcás go ndéantar Feithicil a aistriú ó áit lena mbaineann paragraf (2) (a) ní cheadaítear í a locadh arís san áit sin laistigh d'uair an chloig tar éis a haistrithe i rith na tréimhse ina mbíonn an srian i bhfeidhm.

## Cuid II

### Cuid II A

### Coinníollacha um locadh i Limistéar Loctha Íoctha

**9** (1) I gcás go loctar Feithicil i Limistéar Loctha Íoctha a shainítear le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar ar lá nó le linn uaireanta an chloig a shonraítear ar an bPláta Faisnéise taispeánfar go soiléir laistigh den Fheithicil Diosca Loctha Bailí a chomhlíofaidh ceanglais Airteagail 13 go 19, nó clárófar Teagmhas Loctha Bailí de chuid Loc le Guthán Chathair Chorcaí a chomhlíofaidh ceanglais Airteagail 20 go 24.

(2) I gcás go luafar "Diosca Riachtanach" ar Shín Tráchta nó ar Shíneacha Tráchta nó ar aon Phláta Faisneise gaolmhar, tuigtear uaidh sin go dtagraítear do Dhiosca Loctha Bailí nó do Theagmhas Loctha Bailí de chuid Loc le Guthán Chathair Chorcaí.

**10** Ná locadh duine Feithicil nó ná cuireadh duine faoi deara Feithicil a locadh i Limistéar Loctha Íoctha i suíomh nó i riocht nó i gcúinsí ba chúis nó ba dhóchúla ba chúis le dochar do dhaoine eile a úsáideann locadh ar an tsráid, d'úsáideoirí eile bóthair nó do choisithe, nó a chuirfeadh bacainn le saorshreabhadh tráchta laistigh den tsráid.

**11** Déanfar Feithicil a loctar i Limistéar Loctha Íoctha a shainítear le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar ar lá nó le linn uaireanta an chloig a shonraítear ar an bPláta Faisnéise, i gcás go gcuirtear Cuasa Loctha ar fáil sa Limistéar Loctha Íoctha sin, a locadh laistigh den limistéar ina gcuimsítear Cuas Loctha.

**12** Ná húsáideadh duine Cuas Loctha chun críche aon chuspóra eile seachas Feithicil Inneallghluaiste, cé is moite de chathaoir rothaí inneallghluaiste nó Rothar Cos, a locadh.

**Cuid II B**

**Oibleagáid i ndáil le Diosca Loctha bailí a thaispeáint**

**13** I gcás go déantar Feithicil a locadh i Limistéar Loctha Íoctha a shainítear le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar ar lá nó le linn uaireanta an chloig a shonraítear ar an bPláta Faisnéise agus gur roghnaigh an tiománaí modh íoca an Diosca Loctha a úsáid do locadh ar an tsráid:-

(a) Marcáladh an tiománaí an Diosca Loctha de réir na dtreoracha a phriontáiltear ar chúl an Diosca Loctha lena léireofar go soiléir an bhliain, an mhí, an lá, uair an chloig agus (chuig an tréimhse is gaire 5 nóiméad) nóiméad na huaire cloig a chuirtear tús leis an locadh;

(b) Déanadh an tiománaí an Diosca Loctha a thaispeáint laistigh den Fheithicil ionas gur féidir a léamh go soiléir agus ina iomláine tríd an ngaothscáth tosaigh;

agus

(c) Ná taispeánadh an tiománaí ach aon Diosca Loctha amháin fad a bhíonn an Fheithicil ar locadh sa Limistéar Loctha Íoctha sin.

**Tréimhse loctha i Limistéar Loctha Íoctha**

**14** Ná loctar Feithicil a loctar i Limistéar Loctha Íoctha a shainítear le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar ar lá nó le linn uaireanta an chloig a shonraítear ar an bPláta Faisnéise ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse a léirítear ar an bPláta Faisnéise a bheith ar an uastréimhse dá gceadaítear locadh ar an lá sin sa Limistéar Loctha Íoctha sin.

**Cur isteach ar Dhioscaí Loctha**

**15** I gcás go déantar Feithicil a locadh i Limistéar Loctha Íoctha a shainítear le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar ar lá nó le linn uaireanta an chloig a shonraítear ar an bPláta Faisnéise ná cuireadh duine isteach ar Dhiosca Loctha a thaispeántar san Fheithicil.

**Feithicil a Aistriú ó Limistéar Loctha Íoctha**

**16** Déanfar Feithicil a loctar i Limistéar Loctha Íoctha a shainítear le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar ar lá nó le linn uaireanta an chloig nach sonraítear ar an bPláta Faisnéise a aistriú ón Limistéar Loctha Íoctha nuair a thosaíonn tréimhse uaireanta cloig a shonraítear ar an bPláta Faisnéise sin, ach amháin ar thosú na tréimhse loctha agus le linn fuílleach na tréimhse loctha sin, go dtaispeántar Diosca Loctha Bailí laistigh den Fheithicil de réir Airteagal 13(b) de na Fodhlíthe seo agus beidh feidhm ag Airteagal 13(c) de na
Fodhlíthe seo ón tosach sin i leith an loctha sin.

**Toirmeasc ar locadh áirithe laistigh d'uair an chloig ón tráth a fhágtar Limistéar Loctha Íoctha**

**17** Ná loctar Feithicil a locadh i Limistéar Loctha Íoctha arís ar Bhóthar Poiblí ina bhfuil an Limistéar Loctha Íoctha sin suite **go dtí** uair an chloig amháin ar a laghad tar éis don Fheithicil an Bóthar Poiblí sin a fhágáil roimhe sin.

**Dioscaí Loctha a Eisiúint**

**18** Eiseoidh an Chomhairle dioscaí loctha trí mheán asraonta miondíola ainmnithe nó trí mheáin eile a chinnfidh an Chomhairle ó thráth go chéile.

**Táille ar Dhioscaí Loctha**

**19** Cinnfear an táille ar Dhiosca Loctha ó thráth go chéile trí rún an Comhairle, de bhun fhorálacha Alt 36 den An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1994 (Uimh. 7 de 1994).

## Cuid II C

### Oibleagáid i ndáil le Teagmhas Loctha Bailí de chuid Loc le Guthán Chathair Chorcaí a chlárú

**20** I gcás go déantar Feithicil a locadh i Limistéar Loctha Íoctha a shainítear le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar ar lá nó le linn uaireanta an chloig a shonraítear ar an bPláta Faisnéise agus gur roghnaigh an tiománaí modh íoca Loc le Guthán Chathair Chorcaí a úsáid do locadh ar an tsráid:-

(a) cláródh an tiománaí tréimhse an loctha ag tús an loctha via comhéadan gutháin chuig uimhir ghutháin shonraithe de chuid Loc le Guthán Chathair Chorcaí, ach an aip ainmnithe loctha a úsáid; nó ar mheán ar bith eile a d'fhéadfadh an Chomhairle a chur ar fáil ó am go chéile;

(b) dearbhódh an tiománaí suíomh agus cláruimhir feithicle na Feithicle atáthar a locadh;

(c) gheobhaidh an tiománaí dearbhú ón gcóras i ndáil le hidirbheart loctha ar éirigh leis. Ná ceapadh an tiománaí, ach amháin ar fháil an dearbhúcháin sin, gur chláraigh sé nó sí Teagmhas Loctha Bailí de chuid Íoc le Guthán Chathair Chorcaí;

(d) i gcás, ar chúis ar bith, nach féidir leis an tiománaí Teagmhas Loctha Bailí de chuid Loc le Guthán Chathair Chorcaí a thabhairt chun críche, beidh sé d'oibleagáid ar an tiománaí íoc as an locadh ar mhodh bailí eile.

### Tréimhse loctha i Limistéar Loctha Íoctha

**21** Ná loctar Feithicil a loctar i Limistéar Loctha Íoctha a shainítear le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar ar lá nó le linn uaireanta an chloig a shonraítear ar an bPláta Faisnéise ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse a léirítear ar an bPláta Faisnéise a bheith ar an uastréimhse dá gceadaítear locadh ar an lá sin sa Limistéar Loctha Íoctha sin.

**Feithicil a Aistriú ó Limistéar Loctha Íoctha**

**22** Déanfar Feithicil a loctar i Limistéar Loctha Íoctha a shainítear le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar ar lá nó le linn uaireanta an chloig nach sonraítear ar an bPláta Faisnéise a aistriú ón Limistéar Loctha Íoctha nuair a thosaíonn tréimhse uaireanta cloig a shonraítear ar an bPláta Faisnéise sin, ach amháin ar thosú na tréimhse loctha agus le linn fhuílleach na tréimhse loctha sin, gur cláraíodh Teagmhas Loctha Bailí de chuid Loc le Guthán Chathair Chorcaí de réir Airteagal 20(a), 20(b), 20(c) agus 20(d) de na Fodhlíthe seo agus go mbeidh feidhm leis ón tosach sin i leith an loctha sin.

**Toirmeasc ar locadh áirithe laistigh d'uair an chloig ón tráth a fhágtar Limistéar Loctha Íoctha**

**23** Ná loctar Feithicil a locadh i Limistéar Loctha Íoctha arís ar Bhóthar Poiblí ina bhfuil an Limistéar Loctha Íoctha sin suite go dtí uair an chloig amháin ar a laghad tar éis don Fheithicil an Bóthar Poiblí sin a fhágáil roimhe sin.

**Táille ar Theagmhas Loctha de chuid Loc le Guthán Chathair Chorcaí**

**24** Cinnfear an táille ar Theagmhas Loctha Bailí de chuid Loc le Guthán Chathair Chorcaí ó thráth go chéile trí rún an Comhairle, de bhun fhorálacha Alt 36 den An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1994 (Uimh. 7 de 1994).

## Cuid III
## Coinníollacha i ndáil le Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe a úsáid

**25** Ní bheidh feidhm ag Airteagail 9, 13 go 19, agus 20 go 24 de na Fodhlíthe seo le Feithicil a dtaispeántar laistigh di Cead Bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe, arna eisiúint de bhun na Rialachán Náisiúnta Loctha nó a aithnítear dá réir ach amháin i ndáil le hAirteagal 37(2)(b) de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Locadh) (Leasú) 2011.

### Oibleagáid i ndáil le Cead bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe a Thaispeáint

**26** I gcás go déantar Feithicil a locadh i Limistéar Loctha Íoctha a shainítear le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar ar lá nó le linn uaireanta an chloig a shonraítear ar an bPláta Faisnéise agus gur sealbhóir Cead Bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe é nó í an tiománaí nó paisinéir:

(a) ní foláir Cead Bunaidh Loctha Duine Mhíchumasaithe a thaispeáint;

(b) cuirtear an Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe ar taispeáint laistigh den Fheithicil ionas gur féidir a léamh go soiléir agus ina iomláine tríd an ngaothscáth tosaigh ón taobh amuigh den Fheithicil;

(c) ní foláir éadan tosaigh an Cheada Loctha Duine Mhíchumasaithe a chur ar taispeáint cúl faoi agus siombail na cathaoireach rothaí ar taispeáint;

**27** ní foláir do shealbhóir an Cheada Loctha Duine Mhíchumasaithe a chinntiú go mbíonn na sonraí a bhíonn ar éadan an Cheada Loctha Duine Mhíchumasaithe inléite i gcónaí.

**28** I gcás go bhfuil sealbhóir an Cheada Loctha Duine Mhíchumasaithe ag úsáid an lamháltais loctha i gcáil paisinéara, is ar shealbhóir an Cheada Loctha Duine Mhíchumasaithe atá sé a chinntiú go bhfuil tiománaí na Feithicle ar an eolas faoin riachtanas a bhaineann leis an gCead Loctha Duine Mhíchumasaithe a úsáid

**29** Eisítear an Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe chun críche úsáid agus sochar shealbhóir an Cheada Loctha Duine Mhíchumasaithe amháin agus ní cheadaítear a thaispeáint ach amháin i gcás go bhfuil shealbhóir an Cheada Loctha Duine Mhíchumasaithe ag taisteal san Fheithicil i gcáil tiománaí nó paisinéara, nó má táthar ag úsáid na feithicle chun shealbhóir an Cheada Loctha Duine Mhíchumasaithe a bhailiú nó fhágáil áit éigin.

**Tréimhse loctha i Limistéar Loctha Íoctha**

**30** Ná loctar Feithicil a loctar i Limistéar Loctha Íoctha a shainítear le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar a bhfuil Cead Bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe ar taispeáint laistigh di ar lá nó le linn uaireanta an chloig a shonraítear ar an bPláta Faisnéise ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse a léirítear ar an bPláta Faisnéise a bheith ar an uastréimhse dá gceadaítear locadh ar an lá sin sa Limistéar Loctha Íoctha sin.

**31** Ná loctar Feithicil a dtaispeáintear Cead Bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe arna eisiúint de bhun na Rialachán Náisiúnta Loctha nó a aithnítear dá réir ach amháin i ndáil le hAirteagal 37(2)(b) de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Locadh) (Leasú) 2011, a aistrítear ón Limistéar Loctha Íoctha ina gcuirtear Sín Tráchta chuí (Locadh Srianta) ar fáil arís san áit sin **laistigh d'uair an chloig** tar éis a haistrithe i rith na tréimhse ina mbíonn an srian i bhfeidhm.

**Cur isteach ar Chead Loctha Duine Mhíchumasaithe**

**32** I gcás go déantar Feithicil a locadh i Limistéar Loctha Íoctha a shainítear le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar ar lá nó le linn uaireanta an chloig a shonraítear ar an bPláta Faisnéise ná cuireadh duine isteach ar Chead Loctha Duine Mhíchumasaithe.

## Cuid IV

### Locadh d'Fheithiclí Club Carr

**33 (a) (i)** Ná stadtar nó ná loctar Feithicil i gCuas Loctha d'Fheithicil Club Carr.

**(ii)** Ní bheidh feidhm ag Fodhlí 33(a)(i) le Feithicil a dtaispeántar laistigh di Ceadúnas d'Fheithicil Club Carr.

**(b)** Ní bheidh feidhm ag Fodhlíthe 9, 13 go 19, agus 20 go 24 le Feithicil Club Carr a loctar i gCuas Loctha d'Fheithicil Club Carr arna léiriú trí mheán Sín Tráchta chuí.

### Locadh d'Fheithiclí a Chumhachtaítear go Leicteach


**34 (a)** (i) Ná stadtar nó ná loctar Feithicil i gCuas Athluchtaithe d'Fheithicil a Chumhachtaítear go Leictreach.

(ii) Ní bheidh feidhm ag Fodhlí 34(a)(i) le Feithicil a Chumhachtaítear go Leictreach a stadtar nó a loctar i gCuas Athluchtaithe d'Fheithicil a Chumhachtaítear go Leictreach agus ceallra na feithicle sin á athluchtú.

**(b)** Ní bheidh feidhm ag Fodhlí 9, 13 go 19, agus 20 go 24 le Feithicil a Chumhachtaítear go Leictreach a stadtar nó a loctar i gCuas Athluchtaithe d'Fheithicil a Chumhachtaítear go Leictreach agus ceallra na feithicle sin á athluchtú.

**(c)** I gcás go loctar Feithicil a Chumhachtaítear go Leictreach i gCuas Athluchtaithe d'Fheithicil a Chumhachtaítear go Leictreach arna shonrú le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta agus aon Phláta Faisnéise gaolmhar ní cheadaítear an Fheithicil a locadh ar feadh na tréimhse agus, nuair is cuí, i rith na tréimhse, a léirítear ar an bPláta Faisnéise, agus le linn athluchtú na Feithicle amháin.

**Aguisín 1**
**Limistéar Rialaithe Loctha Íoctha lena mbaineann le Fodhlíthe seo**



Aguisín 2

Táille Diosca Loctha & Loc le Guthán Chathair Chorcaí

Laethanta agus Amanna Infheidhme arna shonrú ar an bPláta Faisnéise a ghabhann le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta i Limistéar Loctha Íoctha.

Cinnfear an táille in aghaidh Tréimhse/Teagmhas* Loctha ó thráth go chéile trí rún an Comhairle, de bhun fhorálacha Alt 36 den An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1994 (Uimh. 7 de 1994).

*Sonraítear Tréimhse/Teagmhas Loctha ar an bPláta Faisnéise a ghabhann le Sín Tráchta nó le Síneacha Tráchta i Limistéar Loctha Íoctha.

**Arna dhéanamh agus arna ghlacadh faoi Shéala Comónta Chomhairle Cathrach Chorcaí**

**an** 13th **lá seo de** *Mheitheamh* **2022**

**I LÁTHAIR** nuair a rinneadh

**Séala Comónta Chomhairle Cathrach Chorcaí**

a ghreamú anseo agus arna

fhíordheimhniú do:

**Príomhfheidhmeannach**

Chomhairle Cathrach Chorcaí agus duine a ainmnítear faoi Alt 11(8) an Acht um Rialtais Áitiúil 2001 chun Séala Comónta Chomhairle Cathrach Chorcaí a fhíordheimhniú

**AN tARDMHÉARA**

**CEANN GNÓTHAÍ DLÍ**